Leabhrán FGL - Cnuaslaethanta 2019/2020

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Leabhrán FGL

## *Corpoideachas agus Folláine laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach*

Samhain 2019

Ionad Oideachais Mhuineachain

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

www.jct.ie

**Roinn A**

## Teanga na Foghlama

**Intinní Foghlama**

Is é ata i gceist le hintinn foghlama le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna ráiteas, a chruthaíonn an múinteoir, ina gcuirtear síos go soiléir ar an méid is mian leis an múinteoir a bheadh ar eolas ag an scoláire, a thuigfeadh sé agus a bheadh sé in ann a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

**Torthaí Foghlama**

**Is ráitis iad na torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama.**

**Critéir Ratha**

Tá critéir ratha nasctha le hintinní foghlam
Forbraíonn an múinteoir agus / nó an scolá
iad agus cuireann siad síos ar an méid a
bhíonn i gceist leis an rath. Cuidíonn siad l
an múinteoir agus leis an scoláire breithiún
a dhéanamh faoi cháilíocht foghlama an
scoláire.

**Measúnú Foirmitheach**

Bíonn an measúnú foirmitheach nuair a úsáidtear nósanna imeachta foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise den fhoghlaim a bhailiú i rith phróiseas na foghlama, agus nuair a úsáidtear iad chun an teagasc a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais an scoláire. Ceadaíonn an próiseas do mhúinteoirí agus don scoláire faisnéis a bhailiú faoi dhul chun cinn an scoláire agus athruithe a mholadh maidir le cur chuige an mhúinteora ina theagasc agus maidir le cur chuige an scoláire i leith na foghlama. Sa mheasúnú chun foghlama cumhdaítear gach gné den mheasúnú foirmitheach ach dírítear go háirithe ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina chuid / cuid foghlama féin.

**Measúnú Leanúnach**

Mar chuid dá gcuid oibre sa seomra ranga, tugann scoláirí faoi ghníomhaíochtaí measúnaithe ar féidir leo a bheith foirmitheach nó suimitheach ina ndéanamh. Déanann múinteoirí measúnú mar chuid dá gcleachtas laethúil trí bhreathnú agus éisteacht le linn do scoláirí a bheith i mbun tascanna, trí amharc ar an méid a scríobhann siad agus a dhéanann siad, agus trína chur san áireamh an chaoi a bhfreagraíonn siad, a gcumann siad agus a gcuireann siad ceisteanna. Úsáideann múinteoirí an t-eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo i suíomhanna níos struchtúrtha agus níos foirmiúla ina mbeidh ar mhúinteoirí léargas a fháil ar dhul chun cinn na scoláirí d'fhonn cinntí a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí agus d'fhonn tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn. Seans go mbeidh ar scoláirí tionscadail, imscrúduithe, cás-staidéir agus/nó teisteanna a dhéanamh mar chuid de sin agus seans go dtitfidh sé amach ag pointí ama ar leith ar fhéilire na scoile.

**Measúnú Suimitheach**
Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun luacháil a dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama áirithe. Is é an cuspóir atá leis achoimre a thabhairt ar chuid éachtaí scoláirí agus a oibriú amach cé acu agus go dtí cén pointe a léirigh scoláirí tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomórtas le critéir ratha nó le gnéithe cáilíochta comhaontaithe.

**Gnéithe Cáilíochta**
Is gnéithe cáilíochta iad na ráitis i sonraíochtaí an ábhair a úsáidtear chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. De bhrí go bhfuil critéir ratha nasctha go dlúth le hintinní foghlama agus bunaithe ar phróisis laethúla an tseomra ranga, de réir a chéile beidh foghlaim scoláirí ina léargas ar na riachtanais a leagtar amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear chun críocha teistiúcháin.

**Aiseolas**
Dírithe ar cháilíocht obair an scoláire. Bainteach leis na critéir ratha atá leagtha amach. Sainaithníonn rath agus éacht. Molann feabhsúcháin. Spreagann smaointeoireacht scoláirí. Tugann am ionas gur féidir le feabhsúcháin tarlú.

**Machnamh**
**Bíonn scoláirí níos tuisceanaí ar eolas, scileanna agus luachanna mar chuid den turas foghlama. Aithníonn siad láidreachtaí agus réimsí atá le forbairt. Forbraíonn siad plean gníomhaíochta don fhoghlaim sa todchaí. Bíonn tuiscint níos fearr acu orthu féin agus conas a fhoghlaimíonn siad agus glacann siad freagracht as a gcuid foghlama.**

**Tuairisciú**
**Spreagann plé údarach le tuismitheoirí. Tugann deiseanna do scoláirí chun machnamh ar a gcuid foghlama tríd an aiseolas. Cuireann luach le breithiúnais ghairmiúla múinteoirí. Úsáideann teanga na foghlama chun aiseolas éifeachtach a thabhairt. A bheith inláimhsithe agus gan baint ó am foghlama agus teagaisc. Cuireann dul chun cinn scoláirí ina gcuid foghlama in iúl go soiléir. Cuireann eolas ar réimse leathan gnóthachtála in iúl. A bheith tuisceanach ar fhéinmhuinín agus folláine ghinearálta scoláirí agus cur chuige uileghabhálach a thógáil.**

## Ceisteanna ar fiú smaoineamh orthu ag cruinniú den Roinn CO

| | |
|---|---|
| **Cén tuiscint atá againn ar na téarmaí ‘intinn foghlama’ agus ‘critéir ratha’ sa Chorpoideachas?** | |
| **Conas is féidir linn samplaí d’intinní foghlama agus critéir ratha a roinnt lena chéile?** | |
| **Conas is féidir linn intinní foghlama agus critéir ratha a úsáid chun cabhrú linn pleanáil don mheasúnú laistigh den ábhar seo?** | |
| **Conas is féidir linn na scoláirí a thabhairt isteach i socruithe na gcritéar ratha laistigh den Chorpoideachas?** | |
| **Conas a chuirimid deiseanna ar fáil do scoláirí chun a gcuid oibre féin agus obair a chéile a mheas i gcomparáid le critéir aontaithe sa cheacht Corpoideachais?** | |

*(Arna chur in oiriúint ó Fhoireann Uirlisí CNCM Fócas ar an bhFoghlaim– Intinní Foghlama & Critéir Ratha)*

## Roghanna don CO ag an tSraith Shóisearach

Meabhraítear do scoileanna go bhfuil tairseach íosta soláthair ann thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí agus ba chóir go gcuirfí ar fáil í.

Is é an íostairseach ama don Chorpoideachas 135 uair an chloig a dháiltear thar an gcéad, an dara agus an tríú bliain.

***Is iad seo na roghanna atá ar fáil do scoileanna:***

- Na sonraíochtaí do ghearrchúrsaí CNCM in OSSP, OSPS, Corpoideachas (100 uair an chloig an ceann));

- Gearrchúrsaí saindeartha ag an scoil nó atá deartha go seachtrach in OSSP, OSPS, Corpoideachas (100 uair an chloig) ag baint úsáid as teimpléad CNCM agus as 'Treoirlínte ar do Ghearrchúrsa féin a fhorbairt', atá le fail in Aguisín 1;

- Cláir / modúil / aonaid eile atá saindeartha ag an scoil le haghaidh OSSP, OSPS, Corpoideachas arna bhforbairt ag baint úsáid as Aguisín I de Threoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí leis an CNCM;

- Siollabas an Teastais Shóisearaigh do OSSP (1996), siollabas an Teastais Shóisearaigh OSPS (2000), Siollabas an Chorpoideachais (2003).

*(Aran chur in oiriúint ó Chiorclán 0055/19)*

**Roinn B**

## Comhphleanáil laistigh den Chorpoideachas



## Torthaí Foghlama laistigh den Ghearrchúrsa

Tá na torthaí foghlama thíos liostaithe ar lch.11-14 de shonraíocht Ghearrchúrsa an CO ar fáil anseo...
https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Short-Courses/Physical-Education/Expectations-for-Students-Learning-outcomes?lang=ga-ie

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1.1 spriocanna SICRU a shocrú bunaithe ar a thorthaí corpacmhainne a bhaineann le sláinte agus / nó feidhmiú, faoi réir na norm dá aois agus dá ghnéas<br><br>1.2 prionsabail na traenála a chur i bhfeidhm laistigh de chlár pearsantaithe le haghaidh gníomhaíocht choirp (sé seachtaine ar a laghad) arna cheapadh chun feabhas a chur ar a chorpacmhainn ar son a shláinte agus/nó a bhaineann le feidhmiú, agus taifead a choinneáil ar a dhul chun cinn<br><br>1.3 a rannpháirtíocht agus a dhul chun cinn sa chlár a mheas, ag tabhairt fianaise ar dhul chun cinn a dhéantar agus ag sainaithint bealaí ina bhféadfadh sé forbairt tuilleadh<br><br>1.4 réimse teicnící tomhais a úsáid chun monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar leibhéil gníomhaíocht choirp thar thréimhse leanúnach ama<br><br>1.5 réimse straitéisí a shainaithint chun tacú le rannpháirtíocht leanúnach i ngníomhaíocht choirp a bhaineann leis an tsláinte<br><br>1.6 gníomhaíochtaí coirp a thaitníonn le daoine óga a stiúradh, gníomhaíochtaí ar féidir leo tabhairt fúthu chun na hiosmholtaí a bhaint amach le haghaidh gníomhaíocht choirp don tsláinte. | 2.1 réimse leathan scileanna agus straitéisí luaile a úsáid go héifeachtach chun a fheidhmiú féin a fheabhsú<br><br>2.2 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a fheidhmiú féin, bunaithe ar láidreachtaí agus ar riachtanais forbartha phearsanta<br><br>2.3 gníomhaíochtaí a leasú chun cuimsiú agus taitneamh a chur chun cinn ar bhonn sábháilte<br><br>2.4 gníomhaíochtaí a léiriú chun feabhas a chur ar an gcorpacmhainn a bhaineann lena shláinte agus / nó a bhaineann le feidhmiú le haghaidh cluiche áirithe, lena n-áirítear réamhaclaíocht agus fuarú<br><br>2.5 freagairt, ina aonar agus mar bhall foirne, do chásanna difriúla cluichí | 3.1 straitéisí treodóireachta agus scileanna léamh léarscáileanna a úsáid chun imeachtaí éagsúla treodóireachta a dhéanamh go sábháilte agus go muiníneach, ag léiriú measa ar an gcomhshaol<br><br>3.2 cur le dúshláin foirne a éilíonn comhoibriú agus scileanna réitithe fadhbanna chun sprioc chomónta a bhaint amach<br><br>3.3 machnamh ar a chion pearsanta féin agus ar éifeachtúlacht a fhoirne i dtaca le dúshlán grúpa a chur i gcrích<br><br>3.4 feidhmiú go hinniúil agus go muiníneach i réimse de bhéimeanna snámha<br><br>3.5 freagairt go cuí do réimse cásanna sábháilteacht uisce<br><br>3.6 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a fheidhmiú féin, bunaithe ar láidreachtaí agus ar riachtanais forbartha phearsanta<br><br>3.7 léiriú go hinniúil, go muiníneach agus go sábháilte i réimse imeachtaí lúthchleasaíochta<br><br>3.8 gníomhaíochtaí a léiriú le feidhmiú a fheabhsú in imeachtaí lúthchleasaíochta, lena n-áirítear ullmhú fisiciúil agus meabhrach<br><br>3.9 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a fheidhmiú féin, bunaithe ar láidreachtaí agus ar riachtanais forbartha phearsanta | 4.1 damhsa a chruthú leis féin nó le daoine eile, ina bhfuil stíl roghnaithe damhsa agus réimse de theicnící cóiréagrafacha agus frapaí oiriúnacha agus ceol<br>NÓ<br>4.2 sraith luailí nó gnáthamh a chruthú bunaithe ar théama gleacaíochta (leis féin nó le daoine eile), agus réimse de theicnící cumadóireachta agus de scileanna gleacaíochta a chuimsiú ann<br><br>4.3 a léiriú a bheachtú de réir critic ar fhíseán dá léiriú agus/nó aiseolais ó dhaoine eile<br><br>4.4 an tsraith luailí damhsa / gleacaíochta a léiriú do lucht féachana agus ceol agus / nó frapaí cuí á gcuimsiú<br><br>4.5 machnamh a dhéanamh ar an taithí a fuair sé ó léiriú a chruthú agus páirt a ghlacadh ann |

| Corpoideachas – Teimpléad Samplach d’Aonad Foghlama | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal an Aonaid**: | | **Téarma:** | |
| **Múinteoir(í):** | | **Líon Seachtainí**: | |
| | | **Dáta Athbhreithnithe**: | |
| **Réamhfhoghlaim** | | | |

**Príomhfhoghlaim**
Ag deireadh an aonaid seo, ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire…

**Fianaise ar an bhFoghlaim**
Léireoidh scoláirí a gcuid foghlama nuair a ….

**Eispéiris Foghlama**

| **Gné(ithe) na Príomhscile / na bPríomhscileanna** | | **Táscaire/í Folláine** | |
|---|---|---|---|

**Machnamh i ndiaidh an Aonaid**

| Corpoideachas – Teimpléad Pleanála Seachtainiúil d'Aonad Foghlama Samplach | |
|---|---|
| | |
| **Seachtain 1** | **Seachtain 5** |
| **Seachtain 2** | **Seachtain 6** |
| **Seachtain 3** | **Seachtain 7** |
| **Seachtain 4** | **Seachtain 8** |
| | |
| **Machnamh ar an Aonad:** | |

Roinn C



# Ceann, Guaillí, Glúine agus Ladhracha

Dúshlán Téimh – i bPéirí

- Cuirtear na lámha ag gach taobh den CHEANN
- Seasadh scoláirí os comhair a chéile fad sciatháin óna chéile.
- Déanadh scoláirí iarracht an duine eile a thapáil ar an nGUALAINN gan duine ar bith greim a fháil orthu féin
- Má éiríonn leo, téann siad ar aghaidh chuig tapáil ar na GLÚINE, agus ansin ar deireadh na LADHRACHA

Is é an chéad duine a dhéanann an trí cheann a thapáil an té a bhuann.

Má bhíonn buaiteoir ann, lorgaíonn sé páirtnéir nua.

Ceisteanna Fócasaithe

Cén fáth a dtéimid?

GNÍOMHACH

Cad é a tharlaíonn do mo chorp nuair a dhéanaim téamh?

FREAGRACH

## Critéir Ratha a thógtar i gcomhar

| |
|---|
| • <br><br>• <br><br>• <br><br>• |


## Dúshlan Aiseolais

Nuair a threoraíonn tú do ghníomhaíocht féin, caithfidh tú aiseolas bunaithe ar an liosta thuas a bhailiú.

| Fócas / Critéar | Aiseolas |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

## ADAPTING ACTIVITIES TO DIFFERENT ABILITIES

The level of challenge can be raised or lowered in any of the four beams. Although initially designed to enhance the inclusion of individuals with disabilities, the following is a quick introduction to the TREE and STEP models which will help you to be able to adapt your activities to suit the different levels of abilities of the children you coach.







- **Teaching/Instructional style:**
manual, verbal, practical, etc.
- **Rules/Regulations:**
what people are allowed to do....
- **Environments:**
the physical place where the activity happens...
- **Equipment:**
ball type or size, player aids...

- **Space:**
playing surface, distance between players/obstacles, use zones...
- **Task:**
change action / objective / scoring / system / speed....
- **Equipment:**
ball type or size, player aids...
- **People:**
change numbers, player role, limitations/advantages...

## TASK

Think of two or three of your favourite drills.
Now, think of as many ways as possible in which you could modify these drills with the help of the TREE and STEP models. For each modification consider:

- Have you increased or lowered the level of challenge?
- Whom does this drill suit now?
- Do you feel comfortable implementing some (e.g. equipment) but not other (e.g. environment) changes?
- By using the TREE and STEP models you will become better at adapting activities to suit the different abilities of the children you coach, and engaging them more in the learning zone.

Taken from https://www.sportireland.ie/Coaching-Ireland/Coaching-Children/Coaching-Children-Factsheet-2.pdf

## Dúshlán Oiriúnaithe

Anois, tá an ghníomhaíocht s'agat mionathruithe nó curtha in oiriúint agat tríd an tsamhail CRANN nó COISCÉIM chun rannpháirtíocht agus sult a chur chun cinn.

| **Oiriúint** | **Cuir síos ar an difríocht? m.sh., Cuaillí níos mó, níos lú imreoirí** |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

## Machnamh

Ar chabhraigh an oiriúint / na hoiriúintí chun an ghníomhaíocht a dhéanamh níos fearr do scoláirí ó thaobh rannpháirtíochta agus / nó suilt de? Conas atá a fhios agat? Munar chabhraigh, an féidir leat rud difriúil a thriail?

# Roinn D

## Treoirphrionsabal 4: Úsáid teanga na foghlama chun aiseolas éifeachtach a sholáthar

### Ceisteanna Machnaimh

***Bí ag obair i d'aonar nó le páirtí agus ansin pléigh a fheabhas is dóigh leat atá do scoilse sa mhéid is go n-úsáideann sibh teanga na foghlama chun aiseolas a sholáthar do scoláirí.***

Cuir do chuid freagraí ar na ceisteanna in iúl ag úsáid an chóid seo thíos:

**C = I gCónaí**

**U = Uaireanta**

**R = Riamh**

**An mbíonn teanga na foghlama le fáil i mo chuid aiseolais chun díriú ar an gcaoi ar féidir obair scoláirí a fheabhsú sa CO?**

**Nuair a úsáidim teanga na foghlama chun aiseolas a sholáthar, an aithním rath agus éacht chomh maith le feabhsúcháin atá le déanamh sna ceachtanna CO?**

**An mbíonn leideanna le fáil i mo chuid aiseolais chun cabhrú le scoláirí dul chun cinn ina gcuid foghlama sa CO?**

**Nuair a sholáthraím aiseolas sa CO, an dtugaim am do na scoláirí a gcuid oibre a fheabhsú bunaithe ar mo chuid aiseolais?**

**An meabhraím go cúramach ar an gcineál aiseolas ó bhéal a thugaim do mo scoláire sa CO?**

*(Arna chur in oiriúint ó Fhoireann uirlisí CNCM Fócas ar an bhFoghlaim – Foirmitheach)*

Roinn E


## Ag Breathnú ar ár Scoileanna

## RÉIMSE 4: CLEACHTAS COMHCHOITEANN / COMHOIBRÍOCH MÚINTEOIRÍ (Caighdeán, lch.21)

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACH |
|---|---|---|
| **I gcomhar lena chéile forbraíonn na múinteoirí agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais measúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa** | Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas. | Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas. |
| | Tá polasaí scoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasaí seo cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é. | Tá polasaí scoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasaí cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é agus **déantar athbhreithniú air i gcomhar lena chéile.** |
| | Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéal agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus áiríonn sé an comh-athbhreithniú ar obair na scoláirí. | Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéal agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus tá sé **bunaithe ar** an gcomh-athbhreithniú ar obair na scoláirí. |
| | Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuiscint agus le roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire. | Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuiscint agus le roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire agus **tógtar orthu de réir a chéile de réir mar a ghluaiseann an scoláire tríd an scoil.** |

## Measúnú Foirmitheach i do Cheachtanna CO

**An féidir leat samplaí praiticiúla a shainaithint ar dhóigheanna ina dtugann tú comhchodanna den Mheasúnú Foimritheach le chéile i do cheachtanna CO?**



| | |
|---|---|
| **An chuid thábhachtach den fhoghlaim sa cheacht Corpoideachais é an machnamh? Cén fáth?** | **Grúpa 1**<br>**Cad iad na bealaí is fearr inar féidir le scoláirí machnamh a dhéanamh sa chorpoideachas?** |
| **Grúpa 2**<br>**Cá huair is féidir le scoláire machnamh a dhéanamh sa Chorpoideachas?** | **Grúpa 3**<br>**Conas is fearr cabhrú le scoláirí sa phróiseas machnaimh s'acu?** |

# Loga Foghlama an Scoláire

**Meán Fómhair - Socrú Spriocanna**

Cad iad na 3 réimse den CO ar mian liom a bheith rannpháirteach iontu agus cad é is mian liom a fhoghlaim?  Úsáid critéir ratha ó na tascanna measúnaithe chun cabhrú leat anseo.

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

Síniú an Scoláire ____________________ Síniú an Tuismitheora ____________________

**Nollaig / Eanáir - Seiceáil Isteach**

Cad é an éacht is mó atá déanta agam go dtí seo orthu sin thuas? Cén fáth?

| | |
|---|---|
| | |

Cén réimse a gcaithfidh mé tuilleadh oibre a dhéanamh ann? Conas?

| | |
|---|---|
| | |

An mian liom cuspóir éigin a mhionathrú bunaithe ar mo chuid foghlama?  Cé acu agus conas?

| | |
|---|---|
| | |

Síniú an Scoláire ____________________ Síniú an Tuismitheora ____________________

**Márta / Aibreán - Machnamh**

Cá bhfuil mo chuid foghlama anois sna gníomhaíochtaí uile? Ar éirigh liom na critéir ratha uile/ aon cheann díobh a bhaint amach?

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

Cad iad na trí ghné den fhoghlaim is mó a bhfuil mé bródúil astu ó bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí thuas?

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

Síniú an Tuismitheora ____________________ Síniú an Tuismitheora ____________________

# Roinn F

## Conas a chomhtháthaítear tuairisciú leanúnach sa CO

| |
|---|
| **Conas is féidir linn dul chun cinn scoláirí san fhoghlaim sa CO a chur in iúl go soiléir?** |
| **Conas is féidir linn eolas a chur ar fáil ar réimse leathan éachtaí do na scoláirí s'againn i gceacht CO?** |
| **Agus sinn ag tuairisciú sa CO, conas is féidir linn a bheith tuisceanach ar fhéinmhuinín agus folláine ghinearálta na scoláirí agus cur chuige uileghabhálach a thógáil sa CO?** |

# Roinn G

**Athruithe laistigh den Roinn Corpoideachais s'againn**

| I mo cheachtanna CO | Inár Roinn CO | I Réimse na Folláine |
|---|---|---|
| | | |

Cás 1 – MRB á éascú agus rannpháirteachas i gcruinniú AFMÁ

| Cad é atá déanta againn? | Cad e is féidir linn a dhéanamh? |
|---|---|
| | |

Cás 2 – Ag machnamh ar MRB a chumadh nó a athrú chun oiriúnú do chomhthéacs ár scoile.

| Cad é atá déanta againn? | Cad é is féidir linn a dhéanamh? |
|---|---|
| | |

Cás 3 – Ag cur le réimse foghlama na Folláine sa scoil againn

| Cad é atá déanta againn? | Cad é is féidir linn a dhéanamh? |
|---|---|
| | |

Cás 4 – Ag machnamh ar phoitéinseal an tuairiscithe laistigh den CO.

| Cad é atá déanta againn? | Cad é is féidir linn a dhéanamh? |
|---|---|
| | |

# Roinn H

| Teimpléad Athbhreithnithe Roinne - CO | | | |
|---|---|---|---|
| **Múinteoir/í:** | | **Dáta an Athbhreithnithe:** | |
| | | | |

| Láidreachtaí | Dúshláin |
|---|---|
| | |
| **Deiseanna** | **Tuairimí eile** |
| | |

# Teimpléad Pleanála Bliantiúil agus Athbhreithnithe - CO

| **Meán Fómhair – Réimse agus Beart** | **Athbhreithniú na Nollag** | **Athbhreithniú na Cásca** | **Athbhreithniú an tSamhraidh** |
|---|---|---|---|
| **Réimse Láidreachta:** | | | |
| **Réimse chun Forbairt:** | | | |
| Sprioc 1 | | | |
| Sprioc 2 | | | |
| Sprioc 3 | | | |
| **Réimse Láidreachta:** | | | |
| **Réimse chun Forbairt:** | | | |
| Sprioc 1 | | | |
| Sprioc 2 | | | |
| Sprioc 3 | | | |
| **Réimse Láidreachta:** | | | |
| **Réimse chun Forbairt:** | | | |
| Sprioc 1 | | | |
| Sprioc 2 | | | |
| Sprioc 3 | | | |

*Réimsí Féideartha le cur san áireamh:*

*Forbairt Saoráidí* | *Acmhainní* | *Cuir Chuige Mheasúnaithe* | *Cruinnithe le Bainistíocht na Scoile*

*Forbairt Curaclaim* | *Deiseanna FGL* | *Cleachtais Féinmheasúnaithe* | *Nascadh le Gníomhaireachtaí Seachtracha*

*Comhordú agus Pleanáil Traschuraclaim don Fholláine* | *Breathnú ar na Fearainn Scoile againn*

# Gearrchúrsa i gCorpoideachas – Achoimre ar Chúrsa Samplach

**Múinteoirí:** 

**Athbhreithniú ag:** 

**Dáta:** 

**Athbhreithniú:**

| | Samhradh – Lár Téarma 1 | Lár Téarma 1 – Nollaig | Nollaig – Lár Téarma 2 | Lár Téarma 2 – Cáisc | Cáisc - Samhradh | Am |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain 1<br>Teideal an Aonaid<br>Torthaí Foghlama<br>Príomhfhoghlaim<br>Fianaise na Foghlama<br>Tuairisciú | | | | | | |
| Bliain 2<br>Teideal an Aonaid<br>Torthaí Foghlama<br>Príomhfhoghlaim<br>Fianaise na Foghlama<br>Tuairisciú | | | | | | |
| Bliain 3<br>Teideal an Aonaid<br>Torthaí Foghlama<br>Príomhfhoghlaim<br>Fianaise na Foghlama<br>Tuairisciú | | | | | | |

# Machnamh – Nótaí / Príomhtheachtaireachtaí:


## Seisiún 1: Comhphleanáil

| |
|---|
| Críochnaigh na tosaitheoirí Abairte seo a leanas: |
| Thosaigh me ag smaoineamh… |
| |
| Thug mé faoi deara…. |
| |
| Níl a fhios agam cén fáth… |
| |

## Seisiún 2: Praiticiúil

| |
|---|
| Conas a cuireadh an scoláire i gceartlár na foghlama ag an seisiún seo? |
| |
| Cad iad na bealaí ina raibh tú (mar scoláire) rannpháirteach sa mheasúnú le linn an tseisiúin? |
| |
| Cad iad na smaointe is mó a thaitin leat agus cén fáth? |
| |

## Seisiún 3: Machnamh agus Tuairisciú



## Nótaí

**Nótaí**

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

**Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)**

Sainseirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna


Oifig Riaracháin:
Ionad Oideachais Mhuineacháin
Bóthar Ard Mhacha,
Co. Mhuineacháin
Teil.: 047 74008

Oifig an Stiúrthóra:
BOOLM
Sráid an tSeipéil,
Dún Dealgáin
Teil.: 042 9364603


http://www.jct.ie

Cuireann Suíomh SSM sonraí ar fáil maidir le deiseanna FGL chun tacú le scoileanna agus múinteoirí a bhfuil baint acu leis an gCreat nua. Gheofar ann eolas, acmhainní agus ábhair chuí agus sonraí maidir le himeachtaí ag teacht aníos

https://www.ncca.ie

Is Comhairle reachtúil í CNCM agus is é an ról atá aici comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir leis an gcuraclam agus leis an measúnú don oideachas luath-óige agus do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

http://www.curriculumonline.ie

Ag an suíomh seo de chuid CNCM, is féidir breathnú ar an gcuraclam, samplaí d'obair scoláirí, agus réimse de roghanna tacaí don mheasúnú

http://www.pdst.ie/Physical-Education-Main

Tá sé d'aidhm ag foireann Sláinte agus Folláine na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí forbairt ghairmiúil d'ardchaighdeán a chur ar fáil chomh maith le tacaíocht a chumasaíonn múinteoirí agus scoileanna chun an t-oideachas is fearr a sholáthar do na daltaí / scoláirí uile

http://www.ncse.ie http://www.sess.ie

Is é ról na Seirbhíse Tacaíochta um Oideachas Speisialta (STOS/SESS) cáilíocht na foghlama agus an teagaisc a fheabhsú i ndáil le soláthar oideachas speisialta

http://www.activeschoolflag.ie

Bronntar Brat na Scoile Gníomhaí (BSG/ASF) ar scoileanna a dhéanann a seacht ndícheall pobal scoile a bhaint amach atá oilte go fisiceach agus gníomhach go fisiceach. Tá sé d'aidhm ag an bpróiseas níos mó scoileanna a bheith níos gníomhaí níos minice.

http://www.peai.org

Is cumann gairmiúil do ghairmithe corpoideachais in Éirinn é Cumann Corpoideachais na hÉireann

http://www.pepaysireland.com

Aithneofar PEPAYS Ireland mar ionad taighde a imríonn tionchar ar bheartas agus ar chleachtas ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcur chun cinn sláinte agus folláine pobal i réimsí an chorpoideachais, an spóirt, na corpacmhainne agus na sláinte.

http://www.pexpoireland.com

Spreagann Physical Education Expo scoláirí iar-bhunscoile chun tionscadal ar bhonn teoirice a sheoladh isteach lena gcuid foghlama sa CO a léiriú.